Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11026 — PARTNERS GROUP / GHO / STERLING PHARMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 60/17)

1. An 6 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Partners Group Holding AG ("Partners Group", an Eilvéis),

— GHO Capital Management Limited ("GHO", Oileáin Cayman),

— Sterling Pharma Solutions Limited ("Sterling Pharma", an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú GHO.

Gheobhaidh Partners Group agus GHO rialú comhpháirteach ar Sterling Pharma de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phríobháideach faoi dhliteanas teoranta é GHO a bhainistíonn roinnt cistí cothromais príobháideacha de chuid GHO. Tá ceanncheathrú ag GHO i Londain agus tá thart ar EUR 5 bhilliún de shócmhainní faoina bhainistíocht aige, a bhfuil saineolas aige ar infheistíocht a dhéanamh i gcúram sláinte domhanda,

— Is cuideachta bainistíochta domhanda le haghaidh infheistíochta i margaí príobháideacha faoi dhlí na hEilvéise é Partners Group agus atá liostaithe ar SIX Swiss Exchange. Tá os cionn USD 131 billiún sócmhainní ag Partners Group faoina bhainistíocht i réimsí an chothromais phríobháidigh, na réadmhaoine príobháidí, an bhonneagair phríobháidigh agus an fhiachais phríobháidigh,

— Soláthraíonn Sterling Pharma seirbhísí forbartha conarthaí agus eagraíochta monaraíochta ("CDMO") i ndáil le comhábhair ghníomhacha chógaisíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta móilíní beaga agus comhchuingigh drugaí antasubstainte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11026 — PARTNERS GROUP / GHO / STERLING PHARMA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË